# AR CHUALA TÚ?

**Athbhliain faoi shéan agus faoi mhaise daoibh a chairde. Tá ríméad orainn an chéad eagrán dár nuachtlitir mhíosúil do 2023 a chur i gcló. Ba mhaith linn meabhrú don phobal - coistí, clubanna, eagraíochtaí agus gnóthaí san áireamh - go bhfuil míle fáilte romhaibh fógraí, scéalta, pictiúir, ailt, dánta nó cibé eile a sheoladh chugainn le cur sa nuachtlitir. Níl oraibh ach ríomhphost a sheoladh chuig ocpt@conamaralair.ie.**



## LÁ EOLAIS/ GAIRME 2023

Ar An 3ú Márta, d'eagraigh Oifigigh Pleanála Teanga an Iarthair Lá Eolais/Gairme do dhaltaí meánscoile in Óstán Chósta Chonamara sna Forbacha. Tugadh deis thábhachtach do scoláirí eolas a bhailiú in aon áit amháin maidir le gairmeacha éagsúla, eolas ar chúrsaí atá á dtairiscint ag institiúidí tríú leibhéal agus printíseachtaí. I measc na seastán bhí ionadaithe ó ollscoileanna, institiúidí oideachais agus traenála, comhlachtaí tógála ar nós Ward & Burke agus Coffey Construction, comhlachtaí leighis ar nós Cambus/Freudenberg Medical, Óglaigh na hÉireann, ranna stáit & eagraíochtaí Gaeilge, Raidió na Gaeltachta agus TG4, institiúidí taighde ar nós Foras na Mara agus neart eile.

Linn don ócáid bhí Siobhán Ní Ghadhra ó Danú Media, Pádraic Ó Griallais ó Dhrioglann Micil, Dominic Ó Móráin agus Gormfhlaith Ní Thuairisg ó Údarás na Gaeltachta. Labhair na haoichainteoirí aitheanta agus spreagúla seo go diongbháilte faoi thábhacht ár dteanga agus na deiseanna atá le fáil i saol na Gaeilge. Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh leis an seacht scoil Ghaeltachta a bhí i láthair - Coláiste na bPiarsach (Ros Muc), Scoil Phobail Mhic Dara (Carna), Scoil Chuimsitheach Chiaráin (An Cheathrú Rua) Coláiste Chroí Mhuire (An Spidéal), Coláiste Cholmchille (Indreabhán), Coláiste Naomh Fheichín (Dúiche Sheoigheach) agus Coláiste Mhuire (Tuar Mhic Éadaigh).





**Buíochas ó chroí freisin le:**

**·Na hionadaithe ó gach institiúid, eagras & eile a thaistil ó chian agus ó chóngar chun a bheith linn**

**·Foireann Óstán Chósta Chonamara as an tseirbhís agus an bhfáilte chroíúil**

**·Na haoichainteoirí spreagúla**

**·An grianghrafadóir Simon Boyle**

**B'iontach an oiread sin daoine óga ón nGaeltacht a fheiceáil bailithe le chéile, agus an oiread sin saineolais á roinnt leo. Is comhthogra a bhí anseo idir Oifigigh Pleanála Teanga Chonamara Láir, Chois Fharraige, Dhúiche Sheoigheach/Thuar Mhic Éadaigh, Pobal Rua agus Glór na nOileán. Tá súil againn é seo a fhorbairt a thuilleadh an bhliain seo chugainn agus táimid ag súil go mór leis cheana féin!**















# Coistí Gaeilge Scoileanna Chonamara Láir

***I gcomhar le Conradh na Gaeilge, d'eagraigh Pleanáil Teanga Chonamara Láir ceardlann in Ionad na nImirceach, Carna do Choistí Gaeilge Iar-bhunscoile an cheantair. Ba é teideal na ceardlainne ná 'Traenáil na gCoistí Gaeilge' agus thug Sibéal Ní Dhuibhir, Comhordaitheoir Dara Leibhéal (Iarthar & Gaeltacht) spreagadh do na daltaí smaointeoireacht chriticiúil a dhéanamh maidir lena dtuairimí i leith na teanga agus leis na bealaí is féidir leo an Ghaeilge a chur chun cinn sa scoil. Ba mhaith linn moladh ard a thabhairt do dhaltaí Choláiste na bPiarsach agus Scoil Phobail Mhic Dara as an obair iontach agus thábhachtach atá ar siúl acu agus iad ina mbaill de na coistí Gaeilge seo.***





# Buddies Gaeilge Chonamara Láir



'Buddies Gaeilge' Scoil na Maighdine Muire Gan Smál, Camus, agus iad bródúil as a suaitheantais

Is scéim nua í seo a d'fhorbair Pleanáil Teanga Chonamara Láir i gcomhar leis na múinteoirí ranga. Go bunúsach, is éard atá i gceist léi ná go bhfuil na daltaí níos sine ag feidhmiú mar mheantóir/chúntóir Gaeilge a chabhraíonn leis na páistí eile. Is í aidhm na scéime ná spreagadh a thabhairt do na meantóirí Gaeilge a bheith muiníneach agus iad ag labhairt na teanga agus bród agus meas a chothú don Ghaeilge. Ina theannta sin, ní hamháin go gcabhróidh siad leis an múinteoir, foghlaimeoidh siad trí thaithí, éireoidh siad neamhspleách agus forbróidh siad a scileanna ceannaireachta.

Bhí an-spraoi againn an 20ú Eanáir nuair a tháinig na Buddies Gaeilge ó bhunscoileanna Chonamara Láir le chéile don chéad uair. Reáchtáladh an ócáid in Ionad na nImirceach i gCarna. Fuair na daltaí deis sólaistí beaga a bheith acu leis na coistí Gaeilge (thuasluaite) agus ansin d'fhreastail siad ar cheardlann scéalaíochta le Bríd-Treasa Wyndam ó Fighting Words. D'oibrigh siad le chéile agus chum siad scéilín

ar thug siad 'Pócaí Folmha agus Cloigeann tinn' air.Beidh ar gach scoil anois a ndeireadh féin a chur leis an scéal agus táimid ag súil go mór iad a léamh.

Ba mhaith le Pleanáil Teanga Chonamara Láir buíochas a ghlacadh leis na scoileanna ar fad a bhí páirteach agus na múinteoirí as a gcomhoibriú. Buíochas freisin le foireann Ionad na nImirceach as an bhfáilte a chuireann siad romhainn i gcónaí agus le Clíona Ní Chualáin as Tigh Mheaic a chur sólaistí blasta ar fáil dúinn. Tá súil againn níos mó imeachtaí mar seo a eagrú leis na Buddies agus Coistí Gaeilge chun ceiliúradh a dhéanamh ar an sár-obair atá ar siúl acu.



## *Seimeastar Gaeltachta 2022*

Shocraigh mé an píosa scríbhneoireachta seo a dhéanamh ar an seimeastar Gaeltachta chun léargas a thabhairt ar an am a chaith muid i gCarna. Ó thús deireadh, chonaiceamar gur baile gleoite cois farraige é Iorras Aithneach. Ar an gcéad dul síos, is fíor le rá gur rud nua é an seimeastar Gaeltachta le blianta beaga anuas. Gan amhras, is tumoideachas den chéad scoth é go deimhin. Cuireadh fáilte Uí Cheallaigh romhainn ón gcéad seachtain a bhí muid i gCarna agus thug muintir na háite, go mór mór na teaghlaigh sna tithe lóistín, aire na huibhe dúinn. Anuas air sin, caithfidh mé a rá gur thug foireann an Acadaimh go leor deiseanna dúinn feabhas a chur ar ár gcuid Gaeilge. Feictear dom gur cuireadh gach saghas imeacht ar siúl dúinn chun feabhas a chur ar ár nGaeilge agus chun sult a bhaint as an seimeastar.



Tríd an gcúrsa, cuireadh in iúl dúinn sna modúil léachtaí, go háirithe, Pobal na Gaeltachta sa lá atá inniu ann agus Gnéithe de Chultúr Dúchais na Gaeltachta, beatha na ndaoine atá agus a bhí ina gcónaí sa Ghaeltacht i gCarna. Tugadh faoi deara go bhfuil muintir na Gaeltachta ag déanamh a seacht ndícheall chun ár máthairtheanga, an Ghaeilge, a chur chun cinn ar fud an cheantair. Caithfidh mé a rá gur bhain mé an-tairbhe as an seimeastar Gaeltachta. I ndeireadh na dála, chun na fírinne a rá, mholfainn an seimeastar Gaeltachta go hard na spéire.

-Treasa Ní Chorcoráin

# Málaí na Nollag ó CAIRDEAS

Bhí na 'elves' gnóthach i rith na Nollag agus iad a réiteach málaí cúraim le tabhairt amach chuig úsáideoirí na seirbhíse CAIRDEAS agus rannpháirtithe na ranganna agus clubanna um chuimsiú sóisialta. Istigh sna málaí bhí gnáthearraí baile ar nós málaí tae, leite, subh, cácaí, brioscaí, siúcra agus coinneal dearg don Nollaig. Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghlacadh leis na seachadóirí ar fad a thug cúnamh ar an lá, le Ionad Cuimhneacháin na nImirceach agus na siopaí áitiúla a d'ordaigh na hearraí dúinn. Creidimid go bhfuil sé tábhachtach tacaíocht a thabhairt do gnóthaí agus seirbhísí an cheantair agus siopadóireacht a dhéanamh go háitiúil. Ar scáth a chéile a mhaireann an pobal.








# CAIFE POBAIL CARNA

Ba mhaith le foireann Chonamara Láir comhghairdeas a dhéanamh le Caife Pobail Charna agus moladh a thabhairt don obair ollmhór atá á déanamh ag na hoibrithe deonacha ar fad. Féach ar chlé ar an éacht a bhain siad amach in 2022. Bhronn siad €7,300 ar charthanais éagsúla.

Tá áthas orainn a fhógairt go mbeidh an ciorcal comhrá ag tosú arís. Beidh sé ar siúl gach Céadaoin i Seomra Comhdhála gteic Charna ag tosú an 1ú Feabhra. Má tá suim agat ann nó má tá aithne agat ar aon duine atá ag iarraidh feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge, déan teagmháil linn ag 087-1678607/ ocpt@conamaralair.ie.



# Togra Logainmneacha




Tá ríméad ar Phleanáil Teanga Chonamara Láir a fhógairt go mbeidh tús á chur le togra taighde maidir le bailiúchán logainmneacha an cheantair. Beidh cruinnithe poiblí á n-eagrú go luath. Idir an dá linn, más mian leat páirt a ghlacadh sa togra agus eolas a roinnt faoi do bhaile féin i gceantar Chonamara Láir, is féidir breis eolais a fháil trí ríomhphost a sheoladh chuig riarthoirpt@conamaralair.ie

## OÍCHE CEILIÚRTHA- FOIREANN CLG CARNA CAISEAL - NA PIARSAIGH









**Ag barr ar chlé:** Foireann F19 Carna Caiseal na Piarsaigh a bhuaigh Sraith & Craobh an Iarthair & Craobh an Chondae C 2022.
**Ag barr ar dheis:** Máirtín Mac Craith a fuair gradam imreoir na bliana f19 Carna Caiseal - Na Piarsaigh
**Íochtair ar chlé:** Cian Ó Máinín a fuair gradam imreoir na bliana f17 Carna Caiseal - Na Piarsaigh
**Ar chlé:** Joe Ó Cuanaigh ar a bronnadh gradam imreoir na bliana f13 Carna Caiseal - Na Piarsaigh

# Coirnéal Chomhrá



**Aoí na Míosa: Séamus Ó Flatharta**
**Ceoltóir / Fonnadóir**

**1. Aon ainm eile ar a bhfuil aithne ag daoine ort?** Glaonn siad Seamie orm sa mbaile níos minicí ná Séamus!
**2.Cén ceantar ina bhfuil cónaí ort?** I gceantar Iorras Aithneach a rugadh agus a tógadh mé. Tá cónaí orm i mbaile na hAirde Móire - Hup barr an bhaile!
**3.Cén tairbhe a bhaineann tú as an nGaeilge?**Mar cheoltóir Gaelach agus mar fhonnadóir ar an tsean-nós, tá an chuid is mó de mo chuid oibre fréamhaithe sa Ghaeilge. Táim fíor bhuíoch gur tógadh mé i gceantar a bhfuil clú agus cáil air maidir leis an saibhreas de chultúr Gaelach atá go smior i ndaonra na háite. Mar sin, braithim go bhfuil sé an-tábhachtach go bhfeicfidh daoine taobh amuigh de na Gaeltachtaí go bhfuil cultúr agus oidhreacht beo beathach againn anseo i gConamara agus go bhfuil agus go mbeidh an teanga ag dul i dtreise sna blianta móra fada amach romhainn.
**4.Céard é an béile is fearr leat?** Nuair a bheinn ar chamchuairteanna ar fud na cruinne d'airínn uaim fataí i gcónaí. Cuma cén cineál. Tá siad le fáil i dtíortha eile ach níl siad chomh deas. Mar sin, béile ar bith ina bhfuil fataí breátha is ea an béile is fearr liom.
**5.Céard é an boladh is fearr leat?** An boladh atá ar leabhair nua. Nó seanleabhair, go deimhin.
**6.Cén bialann is mó a thaitníonn leat?** Boojum. D'íosfainn burritos go dtí go dtiocfadh siad amach as mo chuid cluasa.
**7.Cén clár teilifíse a bhfuil tú ag féachaint ar faoi láthair?** Thosaigh mé ag breathnú ar 'The Queen's Gambit' chun barr feabhais a chur ar mo chuid scileanna fichille. Níl ag eirí ró-mhaith liom.
**8.An bhfuil caitheamh aimsire faoi leith a thaitníonn go mór leat?** Seachas an ceol agus an fhonnadóireacht is maith liom a bheith ag snámh agus ag cadhcáil.
**9.An saoire is mó a thaitin leat & cén fáth?** Chaith mé seachtain in Alaska cheana agus bhain mé an-sult as. Bhínn ag féachaint ar na míolta móra ag snámh sa chuan agus mé ag ithe mo bhricfeasta ar maidin, bhí sé dochreidte.
**10.Cén cineál scannán ina bhfuil suim agat iontu?** Tá mé cineál aisteach ach taitníonn scannáin uafáis liom, cé gur "scaredy-cat" mór mé.
**11.An bhfuil aon leabhar á léamh agat faoi láthair?** Tá mé ag léamh leabhar iontach darbh ainm "Gaeilge: A Radical Revolution" le Caoimhín De Barra faoi láthair. Tá sé suimiúil go maith, ach bheadh díomá ort ag éisteacht le an meon diúltach atá ag roinnt daoine maidir leis an nGaeilge.
**12.An noiméad den lá is fearr leat?** An noiméad roimh an dinnéar!
**13.An t-am den bhliain is fearr leat?** Aibreán/Bealtaine, nuair a thosaíonn na laethanta ag fáil níos faide agus an aimsir ag fáil níos teo.
**14.An chomhairle is fearr a cuireadh ort:** Ná bain le rud nach mbaineann leat!



### *Comórtas Grianghrafadóireachta*

Comhghairdeas mór le Niamh Ní Mhainín, Ros Cíde, a bhuaigh comórtas mhí Eanáir. Is é Simon Boyle, grianghrafadóir aitheanta atá lonnaithe i gConamara, a bheas i mbun moltóireachta ar an gcomórtas i mbliana. Roghnaigh sé an grianghraf seo mar 'Tá an comhdhéanamh an-láidir agus cruthaíonn an scáil rud éigin álainn ar nós brionglóide'. Míle buíochas le gach duine a sheol grianghraif chugainn. Seolaigí bhur ngrianghraif do chomórtas mhí Feabhra chuig ocpt@conamaralair.ie le seans féirín beag deas a fháil ó Phleanáil Teanga Chonamara.

## Logainm na Míosa:

An Ghairfean, Ros Muc

Ciallaíonn sé áit a bhfuil an talamh garbh/crua

## Seanfhocal na Míosa:

Is buaine focal ná toice an tsaoil.

## Bí i dteagmháil linn!

opt@conamaralair.ie
ocpt@conamaralair.ie

**Meáin Shóisialta**

Conamara Láir
conamaralair
@ConamaraLair

'Ár dTeanga- Labhair í 's Bí Bródúil!'

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

Conamara Láir

**Fógra Séanta: Ní ghlacann Forbairt Chonamara Láir Teo./ Pleanáil Teanga Chonamara Láir freagracht as aon ábhar ó tríú pháirtí atá curtha i gcló ar an nuachtlitir seo.**